

PREASEISIÚINT

#bewinterready

Seolann an Rialtas an Feachtas Eolais ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ 2016-2017

Inniu, sheol an tAire ar a bhfuil freagracht as Cosaint, an tUas. Paul Kehoe T.D, mar Chathaoirleach Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála, agus an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an tUas. Simon Coveney T.D, agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUas. Shane Ross T.D., agus an tAire Stáit sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar a bhfuil freagracht speisialta as Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Faoiseamh Tuile, Feachtas Eolais an Rialtais ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ le haghaidh 2016-2017 san Ionad Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí i mBaile Átha Cliath. Bhí ionadaithe ó Ranna agus Ghníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil cúram leagtha orthu as pleanáil agus freagairt éigeandála i láthair freisin. Reáchtáladh an seoladh ar an lá céanna le cruinniú de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála a raibh an tAire Kehoe mar Chathaoirleach air, agus inar pléadh le saincheisteanna maidir le hullmhacht don gheimhreadh.

Trí mheán láithreáin gréasáin tiomanta www.winterready.ie, tá comhairle á cur ar fáil trí mheán roinnt foinsí lena n-áirítear Ranna Rialtais, An Garda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Údaráis Áitiúla agus na soláthraithe iompair. Tá an chomhairle curtha i gcatagóirí faoi theidil éagsúla mar: an Teach, Sábháilteacht ar Bhóithre, Scoileanna, Feirmeoirí agus an Earnáil Ghnó. Tá achoimre den fhaisnéis atá ar fáil curtha le chéile i leabhrán ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’, ar féidir a íoslódáil ón láithreán gréasáin.

Seo a leanas príomhchuspóirí an fheachtais ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’:

- Comhairle phraiticiúil a thabhairt maidir le conas is fearr ullmhú don gheimhreadh atá romhainn.

- Cinntiú go bhfuil a fhios ag an bpobal cá háit ar féidir comhairle agus cabhair a fháil, má tá gá leo agus
- Dearbhú don phobal go bhfuil ullmhúcháin á ndéanamh agus go bhfuil socruithe curtha i bhfeidhm le cinntiú go rachfar i ngleic ar bhealach comhordaithe le himeachtaí aimsire cruá.

Ina theannta sin iarradh ar gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais an feachtas eolais “Bí Ullamh don Gheimhreadh” a chur chun cinn trína gcuid láithreán gréasáin féin agus sna meáin shóisialta agus tuairiscí rialta a thabhairt ar a gcuid ullmhúchán agus feachtas eolais féin mar chur chuige “ Rialtais Uile” i dtreo ullmhúchán don gheimhreadh.

Chomh maith leis sin, beidh an Oifig um Pleanáil Éigeandála ag tvuíteáil go minic le linn an gheimhridh chun cur leis an bhfeachtas ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’. Is féidir an cuntas twitter a leanúint ar **@emergencyIE** agus moltar don phobal páirt a ghlacadh sa chomhrá ag **#bewinterready**.

Leag an triúr Airí béim ar an bpointe gurb í an phríomhtheachtaireacht a bhfuil siad ag iarraidh a chur in iúl inniu ná –

“bí ullamh, coimeád slán agus bíodh a fhios agat cá háit a bhféadann tú cabhair a fháil má tá sí ag teastáil uait.”

CRÍOCH